

Coiste Stiúrtha Dé Luain 17 Eanáir 2011

I láthair: L. Ó Maolmhichíl, F. Mac an Fhailigh, M. Killoran agus A. Scott

1. Chuir L. Ó Maolmhichíl fáilte roimh M. Killoran chuig a céad chruinniú den Choiste.
2. Pléadh agus aontaíodh na miontuairiscí den 13 Nollaig 2010. Aontaíodh go bhfoilseofaí na miontuairiscí ar shuíomh Fhoras na Gaeilge.
Cuireadh in iúl gurb é ballraíocht an Choiste Comhairleach ná:
É. Kinch – Foras na Gaeilge
L. Bhreatnach – Foras na Gaeilge
F. Mac an Fhailigh – Foras na Gaeilge
M. Killoran – Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (RGPCG)
D. Moran – Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF)
C. Ní Cheallaigh – Cumann na bhFiann
A. Ó Coileáin – Gael-Linn
A. Mac Póilin – Iontaobhas Ultach
Cuireadh in iúl chomh maith go mbeadh an chéad chruinniú den Choiste Comhairleach ann Déardaoin 20 Eanáir 2011 ag 3.00 i.n. i gCeannáras Fhoras na Gaeilge. Pléadh modhanna tuairiscithe leis na Ranna Urraíochta, na Coistí agus na heagrais bhunmhaoinithe.
3. Bhí plé ann faoi mhaoiniú eatramhach do na heagrais bhunmhaoinithe i ndiaidh Bealtaine 2011 agus tá na Ranna Urraíochta le scríobh chuig Foras na Gaeilge maidir le pleananna a lorg ó na heagrais don tréimhse 1 Meitheamh go 31 Nollaig 2011. Déanfaidh na Ranna Urraíochta machnamh ar mhaoiniú eatramhach a chur ar fáil ag brath ar cead na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT). Beidh an maoiniú eatramhach ag brath ar dhul chun cinn sásúil a bheith déanta roimh an gcrúinniú den CATT ar 3 Márta 2011.
4. Bhí plé ann maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar fhorbairt na scéimeanna. Cuireadh in iúl don chruinniú go raibh obair ar dhréachtanna de 4 scéim ag dul ar aghaidh chomh maith leis an réamhrá ginearálta. Aontaíodh go ndéanfaí gach iarracht na ceithre scéim – an Scéim Abhcóideachta agus Taighde, an Scéim Cumasaithe Pobal, an Scéim Raidió Pobail agus Scéim na nEalaíon a bheith pléite agus aontaithe ag Bord Fhoras na Gaeilge faoi 14 Aibreán 2011.
5. Pléadh an Measúnú Comhionannais leasaithe agus d'aithin A. Scott (RCEF) gur tugadh aghaidh ar na ceisteanna a bhí mar ábhar inní sa chéad dréacht. Chuir sé in iúl don chruinniú go raibh an dréacht leasaithe curtha faoi bhráid an aonaid comhionannais san RCEF chun breithniú a dhéanamh air.
6. Cuireadh in iúl go raibh an post mar Bhainisteoir Tionscadail fógartha ar www.etenders.gov.ie agus 27 Eanáir 2011 mar spriocdháta.

Beidh an chéad chruinniú eile ann 14 Feabhra 2011 i mBéal Feirste ag 2.00 i.n.